

# Scéal, Scéal, Scéal...

## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharráige



Instagram: @pleanteangachoisfharráige  
Twitter: @PleanTeangaCF  
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharráige

11 FEABHRA 2021



### SCOLÁIREACHT LE hÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tá Scoláireacht sa Rannóg Seirbhísí Corparáideacha fógartha ag **Údarás na Gaeltachta**. Tá an scoláireacht a mhairfidh suas le dhá bhliain á dtairiscint do dhuine le Gaeilge d'ardchaighdeán le oiliúint fhoirmiúil agus taithí phraiticiúil a fháil i Rialachas Corparáideach agus Riarachán. Beidh an duine seo ag tacú le foireann na Rannóige Seirbhísí Corparáideacha lena bplean oibre le gníomhaíochtaí dírithe ar riarachán/rialachas corparáideach, ag réiteach cáipéisí agus turascálacha ar son an Údarás agus ag coinneáil eolais chun dáta. Sna Forbacha a bheas an té a cheapfar lonnaithe. Is féidir iarratas agus CV a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie roimh 19 Feabhra @ 4i.n. Tá tuilleadh eolais le fáil ag [www.udaras.ie](http://www.udaras.ie) nó ar 091 503 100



Údarás na  
Gaeltachta

### CRUINIÚ NA hOPTanna LEIS AN AIRE

Bhí cruinniú ag Oifig Pleanála Teanga na tíre leis an Aire Stáit Jack Chambers agus feidhmeannaigh Roinn na Gaeltachta le gairid. Soláthar do sheirbhísí stáit trí mheán na Gaeilge do mhuintir na Gaeltachta a bhí á phlé. Scríobh na hOPTanna chuig an Aire nuair a tuairiscíodh gur dícheadaíodh moltaí maidir le soláthar seirbhísí stáit. Impíodh ar an Aire Stáit fóráil dhíreach a chur isteach sa mBille Teangacha le cinntiú go bhfreastlófaí ar an mbunchearta seo ar son phobal na Gaeltachta. Tá an preaseisiúint faoin gcruinniú le léamh ar FB: Pleanáil Teanga Chois Fharráige. Beartaíodh go mbeidh cruinniú eile ag na hOPTanna leis an Aire agus feidhmeannaigh na Roinne go luath.



An Roinn Cultúir,  
Oidhreacht agus Gaeltachta  
Department of Culture,  
Heritage and the Gaeltacht

### TIMÍN JOE TIM AR SHLÍ NA FÍRINNE

D'imigh Timín Ó Curraidhín, Timín Joe Tim as an gCnocán Glas ar shlí na fírinne ar an 6 Feabhra. Duine de mhór-phearsa Chois Fharráige ab ea é. Fear cuideachtúil, flaithiúil, spreagúil é a bhí fíor-bhródúil as a dhúchas agus a cheantar. Fear spóirt, fear seanchais, údar ar an stair áitiúil, ar logainmneacha, ar ghinealach, fear drámaíochta, fear gnímh agus fear teaghlai. Tá oidhreacht bhreá fágtha ag Timín. Cuimhneofar air sa bpinniúir liathróide láimhe, ar an bpáirc imeartha agus ar an tsiúlóid cois cladaigh idir an Dumhach Mhór agus an Chéibh Nua: Timín a chinntigh go ngreanfaí ar chloch na pointí suntais ar an gcosán sin. Cuimhneofar air nuair a bheas stair agus béaloideas áitiúil á ríomh. Cuimhneofar ar a uaisleacht, a chineáltas agus a chumas. Comhbhrón ó chroí go háirid le Baibín, Deirdre, Clíodhna, Josie, Tadhg, Mac Dara, Aongus agus a gclann siúd agus lena chuid cairde iomadúla. Go gcúití Dia do shaothar leat, a Timín, suaimhneas síorraí go raibh agat.

### SIAMSÁN SA MBAILE: CEARDLANN EALAÍON

Beidh deis ag an teaghlach ar fad maisiúcháin Fhéile Vailintín a dhéanamh ar an Satharn 13 Feabhra @ 12 meán lae le **Tuismitheoirí na Gaeltachta**. Beidh an seisiún fíorúil ealaíon á stiúru ag Caoilfhinn Ní Cheallaigh ar an gcóras Zúm. Is féidir clárú, nó tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le [aisling@tuismitheoiri.ie](mailto:aisling@tuismitheoiri.ie) Níl aon chostas i gceist ach caithfear clárú le spás a chur in áirithe. Is í an Ghaeilge teanga na hócáide agus iarrtar cloí leis sin.

### LEABHAR ALBERTA LE BUACHAN Ó UDAR

Tá comórtas á reáchtáil ag **Údar** le deis don bhuaiteoir cóip den leabhar álainn **Aberta sa tóir ar an nGrá** a bhuanach. Ní mór 'ordóg' a thabhairt do chuntas Údar ar Facebook, póstáil an chomórtais a roinnt agus clibeáil a dhéanamh ar bheirt chairde. Fógrófar buaiteoir an chomórtais ar a gcuntas FB.



### CEOLTÓIRÍ ÓGA CHOIS FHARRÁIGE

Beidh **Ceoltóirí Óga Chois Fharráige** ag teacht le chéile ar an Domhnach 14 Feabhra, ar Zúm. Beidh seisiún eile ar bun i gceann coicise, ar an Domhnach 28 Feabhra, ceann do thosaitheoirí an ceann sin. Tá níos mó eolais faoi na seisiúin agus an bealach gur féidir a bheith páirteach iontu le fáil tré theachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig: [ceoltoiriogachoisfharráige@gmail.com](mailto:ceoltoiriogachoisfharráige@gmail.com).

## COMÓRTAS VAILINTÍN LE MOLSCÉAL

Tá comórtas iontach do Lá Fhéile Vailintín á reáchtáil ag **Molscéal!** Is féidir dhá oíche do bheirt in Árainn a bhuachan. Turas fillte go hInis Mór agus deis 'glampála' le **Aran Island Ferries**, chomh maith le béile do bheirt **Tí Joe Watty** atá le gnóthachtáil. Le iarratas a dhéanamh, ní mór Molscéal a leanacht ar Facebook, cara a chlibeáil faoin bpóstáil agus ordóg a thabhairt dó. Roghnófar an buaiteoir ar an Luan 15 Feabhra.

 **MOLSCÉAL**

## SEIRBHÍSÍ Ó THEARMANN ÉANNA

Is iomaí seirbhís atá á thairiscint ag **Tearmann Éanna** le linn srianta Leibhéal 5. Cuirtear Seirbhís Béile ar Rothaí ar fáil Luan go hAoine, chomh maith le Seirbhís Seachadadh Siopadóireachta & Cógais Leighis, Seirbhís Cúram Baile agus Seirbhís Iompair Eisceachtúil. Is féidir breis eolais a fháil faoi na seirbhísí seo ach glaoigh ar 091 505 540




## GEARRSCÉALTA UÍ CHADHAIN

Beidh an chéad sheisiún eile de **Ghearrscéalta Uí Chadhain** ar siúl ar an Domhnach 14 Feabhra @ 7:30i.n. ar an gcóras Zúm. **Fios** a bheas á phlé. Beidh an seisiún á threorú ag Séan Ó Cadhain ón gCnocán Glas, nia le Máirtín Ó Cadhain. Is scéal barúil é bunaithe ar chomhrá idir triúr fear ar an gcladach agus iad ag faire go géar ar dhuine de na comharsain, scéal a ndearna **Aisteoirí an Spidéil** cúpla léiriú de thar na blianta. Le páirt a ghlacadh sa bplé, níl le déanamh ach an scéal a léamh agus teagmháil a dhéanamh le Katie ag [optchoisfharraige@gmail.com](mailto:optchoisfharraige@gmail.com) nó 083 010 6294

**Máirtín Ó Cadhain**  
ROGHA SCÉALTA

Louis de Paor  
a roghnaigh



## DEISEANNA PRINTÍSEACHTA LE HÚDARÁS NA GAELTACHTA

D'fhógair **Údarás na Gaeltachta** clár printíseachta ina bhfuil printíseachtaí ceirde agus nua-aimseartha ar luach níos mó na €2,000 an ceann á dtairiscint. Tá an clár ar fáil d'iarrthóirí a bhfuil an scoil fágtha acu le cáilíocht phrintíseachta atá aitheanta ag an gComhairle Phrintíseachta a bhaint amach. Tá 12 earnáil éagsúil i gceist agus 59 printíseacht ag baint leo sin. Tá siad ar fad aitheanta ag SOLAS agus oscailte do phobal na Gaeltachta a bhfuil líofacht Ghaeilge acu. Is féidir níos mó eolais, chomh maith le foirm iarratais a fháil ag [www.udaras.ie](http://www.udaras.ie). Glacfar le hiarratais go dtí an Aoine 5 Márta.

### Scoláireachtaí Printíseachta 2021



Admóidíseacht | Plúimíseacht | Airgeadas |  
Tógáil | Diolachán | Eitricheolaíocht | Leictreach |  
Gruaigadóireacht | Innealtóireacht | Go leor eile



Léigh níos mó agus lean le seacht nó ceacht seanaid roimh 05/03/2021

## SCANNÁN SPONGEBOB AS GAELIGE AG TEACHT GO NETFLIX

**NETFLIX**



Beidh *Spongebob an Scannán: Rith, Spúinse, Rith* ar fáil ar **Netflix** go luath. Is iomaí aisteoir aitheanta a chloisfead sa scannán Marcus Lamb, Lochlainn Ó Mearáin, Carmel Stephens, Brian Thunder agus Daithí Ó Sé san áireamh. D'oibrigh **TG4** agus an comhlacht léiriúcháin **Macalla**, atá ag obair ar an gclár teilifíse le fada an lá, i gcomhair le **Paramount Animation** agus **Nickelodeon** chun an leagan Gaeilge den scannán a chruthú.

Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh linn i *Scéal, Scéal, Scéal...* is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag [optchoisfharraige@gmail.com](mailto:optchoisfharraige@gmail.com) Is féidir teagmháil a dhéanamh linn freisin má tá eolas ag teastáil uait ar aon cheann de na scéalta a luaitear anseo!

## AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

Cuirfidh Oifigigh Pleanála Teanga tús leis an **nGaeltacht faoi Bhláth** ar an Máirt 23 Feabhra @ 7:30i.n. Togra ar líne, bunaithe ar chúrsaí garraíodóireachta é seo agus leanfar leis chuile Mháirt ar feadh dhá mhí. Labhróidh cainteoir ar leith chuile sheachtain faoi ghné áirid den garraíodóireacht agus dúlra. Pléifear glasraí, plandaí agus crainnte dúchasacha, éanacha agus bithéagsúlacht. Labhróidh **Aonghus Ó Coisdealbha** ón **Garraí Glas** in Indreabhán thar cheann cheantar Chois Fharraige agus pléifidh sé fás glasraí. Níl costas ar bith i gceist ach iarrfar ar dhaoine clárú roimh ré. Le clárú is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig [optchoisfharraige@gmail.com](mailto:optchoisfharraige@gmail.com). Cuirfear ainm chuile rannpháirtí ar aghaidh le duais sheachtainiúil a bhaineann le teama an tseisiúin a bhuachan.



AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

SRAITH CAINTEANNA AR LÍNE FAOI GHARRAÍODÓIREACHT  
AGUS AN DÚLRA